Comhairle na mBreithiúna
The Judicial Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022

# Sármhaitheas breithiúnach agus neamhspleáchas a chur chun cinn chun muinín an phobail as na breithiúna agus as riar ceartais in Éirinn achinnti

# CLÁR AN ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHAIRLE NA mBREITHIÚNA** | 4 |
| RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH | 5 |
| RÉAMHRÁ AN RÚNAÍ | 8 |
| FORBHREATHNÚ AR 2022 | 11 |
| MAIDIR LE COMHAIRLE NA mBREITHIÚNA | 12 |
| AN BORD | 15 |
| AN COISTE UM STAIDÉIR BHREITHIÚNACHA | 17 |
| AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA | 22 |
| AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS | 24 |
| NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH | 29 |
| AG BREATHNÚ AR AGHAIDH GO 2023 | 32 |
| **TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH** | 35 |
| CÚLRA AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH | 36 |
| TUARASCÁIL DE BHUN ALT 87 DEN ACHT UM CHOMHAIRLE NA mBREITHIÚNA, 2019 | 38 |

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHOMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

# RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH



***An Phríomh-Bhreitheamh, Donal O'Donnell***
*Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna*

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna do 2022 a chur i láthair.

Is í seo an tríú tuarascáil ón gComhairle agus leagtar amach inti an dul chun cinn breise a rinneadh le bliain anuas. Bhí rath orainn i gcónaí maidir le feidhmeanna tábhachtacha na Comhairle a fhorbairt, go háirithe muinín an phobail inár mbreithiúna a chur chun cinn agus a chothabháil. Leagtar béim arís sa tuarascáil seo ar na dúshláin chomhthreomhara leanúnacha a bhaineann le ceanglais reachtúla agus oibríochtúla an Achta um Chomhairle na mBreithiúna 2019 a chomhlíonadh, agus an bonneagar á fhorbairt ag an am céanna chun cabhrú le comhlacht poiblí nua.

Anuraidh, thagair mé do ghné thábhachtach den Acht mar sholáthar do réisím iompar breithiúnach reachtúil atá oiriúnach don fheidhm in Éirinn. In 2022 chonaic muid gur tógadh céimeanna suntasacha agus deiridh, rud a d'fhág gur seachadadh a leithéid de chóras den chéad uair. Tháinig Comhairle na mBreithiúna le chéile i mí Feabhra 2022, agus tá an-áthas orm gur ghlac mo chomhghleacaithe go léir ó gach dlínse ag an gcruinniú sin na Treoirlínte maidir le hIompar Breithiúnach agus Eitic Bhreithiúnach, a dhréachtaigh an Coiste um Iompar Breithiúnach agus a d'fhaomh Bord na Comhairle.

Céim thar a bheith tábhachtach a bhí anseo ag breithiúna maidir le treoirlínte a ghlacadh i leith ár n-iompair féin. Tá na caighdeáin atá leagtha síos againn dúinn féin ard agus is go toilteanach a ghlactar leo ina measc sin uile atá ina mbreithiúna, agus a ndéantar breithiúna díobh, in Éirinn. Tá an pobal i dteideal a bheith ag súil go gcloífidh breithiúna leis na caighdeáin sin.

De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, cuireadh bearta breise i bhfeidhm chun cur ar chumas na Comhairle glacadh le gearáin. Is é a bhí i gceist leis sin go dtabharfadh an Coiste um Iompar Breithiúnach na ceanglais chun críche, go háirithe na nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh a cheanglaítear le halt 56 den Acht. Ag an am céanna, d'fhorbair foireann na Comhairle na tacaí riaracháin riachtanacha. Ar an 30 Meán Fómhair shínigh an tAire Dlí agus Cirt an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019 (Ordú Tosach Feidhme) 2022, a raibh sé d'éifeacht aige tús a chur leis an gcóras nua ón 3 Deireadh Fómhair 2022.

Gné thábhachtach eile de 2022 ab ea obair leanúnach an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach (GOPB). Beidh tionchar ag Tuarascáil an GOPB ar fud na breithiúnachta. I gcomhthéacs Chomhairle na mBreithiúna, cuireadh aighneacht faoi bhráid an GOPB, agus bhuail sí le hionadaithe ón gCoiste um Staidéir Bhreithiúnacha.

Is é an rud is tábhachtaí is léir ón aighneacht a oiread a chuir teacht Chomhairle na mBreithiúna le hobair roinnt breithiúna, chomh maith le béim a leagan ar bhacainní maidir le iad a bheith ar fáil chun freastal ar chúrsaí oiliúna nó iad a thabhairt. Áirítear ar Bhord agus ar Choistí na Comhairle breithiúna atá ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna breithiúnacha cheana féin ar bhonn lánaimseartha i riar an cheartais.

Déantar an t-ualach oibre breise a bhaineann

le cabhrú le feidhmeanna na Comhairle, roimh agus i ndiaidh 'obair an lae'.

Maidir le hoiliúint bhreithiúnach, ar feidhm thábhachtach de chuid na Comhairle í agus atá ag fás i gcónaí, is í an phríomhcheist, ar tarraingíodh aird uirthi freisin do GOPB, nach bhfuil breithiúna ar fáil chun freastal ar chúrsaí oiliúna, de dheasca ceanglais atá ann i gcónaí tús áite a thabhairt do shuíonna cúirte.

Is céim an-dearfach é a fheiceáil gur oileadh 25 breitheamh mar oiliúnóirí breithiúnacha, ach san am céanna ní mór iad a chur ar fáil chun freastal ar chúrsaí a sheachadadh.

Tá sé beartaithe go nglacfaidh Comhairle na mBreithiúna páirt iomlán i ngnóthaí an Ghrúpa Stiúrtha Chur i nGníomh agus go mbeidh sí ina ball den Ghrúpa Stiúrtha Chur i nGníomh chun maoirseacht a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí na Tuarascála agus chun déileáil leo. Táthar ag súil go mbeidh cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach na Tuarascála mar bhonn do shannadh na mbreithiúna breise a bheidh ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Mar a luaigh mé, lean an Coiste um Staidéar Breithiúnach ag fás agus ag tógáil ar a luathobair. Rud a chuir go mór leis an bhfeidhm sin ba ea ceapadh ar fhoireann na Comhairle státseirbhíseach sinsearach, a bhfuil taithí aige ar oideachas aosach, mar Stiúrthóir Comhlach Staidéar Breithiúnach, chun oibriú leis an Stiúrthóir agus leis an gCoiste chun an fheidhm a fhorbairt tuilleadh. Tá an chéim sroichte anois ina bhfuil oiliúint ionduchtúcháin do gach breitheamh nuacheaptha daingnithe, faoi mar atá roinnt cúrsaí oiliúna atá leagtha amach níos mine i dtuarascáil an choiste sin.

Chuir an Coiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta tús lena athbhreithniú reachtúil ar na treoirlínte ar ghlac an Chomhairle leo in 2021. D'éirigh triúr de na breithiúna bunaidh ar an gcoiste sin as, agus ardaíodh duine amháin go cúirt níos airde, rud a fhágann gur ceapadh ceathrar breithiúna nua ar an gcoiste sin de sheachtar comhaltaí. Lean an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas ar aghaidh lena chuid oibre freisin. I ndiaidh bailchríoch a chur ar thuarascáil maidir le cur chuige i leith riachtanais sonraí an choiste, rinneadh tionscadal maidir le cleachtais phianbhreithe na Cúirte Dúiche. Ollscoileanna a rinne an dá thionscadal ar éirigh lena gcuid tairiscintí do na róil. Tá cúram fairsing ar an gcoiste seo, agus tá sé tábhachtach go bhfuil an Coiste ag druidim i dtreo an chúraim sin ar bhealach dea-struchtúrtha a chuirfidh bonn láidir ar fáil chun glacadh le treoirlínte éifeachtacha.

In 2023, druidfidh an coiste níos gaire dá chéad treoirlínte foilsithe.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl arís i mbliana do mo chomh-chomhaltaí Boird agus do chomhaltaí choistí Chomhairle na mBreithiúna as a róil san obair leanúnach maidir le Comhairle Bhreithiúnach rathúil a thógáil. Is é a bhí i gceist leis sin beagnach 50 breitheamh a bheith bainte go foirmiúil le hobair na Comhairle, le cois a róil mar bhreithiúna. Chomh maith leo sin go léir áirítear na daoine a chuir a gcuid seirbhísí ar fáil mar oiliúnóirí agus mar mheantóirí. Is in Éirinn atá an líon is lú breithiúna in aghaidh an duine san Eoraip agus cuireann méid na hoibre inár gcúirteanna ualach suntasach dofhulaingthe ar bhreithiúna atá faoi róbhrú cheana féin. Tá mé an-bhuíoch, mar sin, de mo chomhghleacaithe a ghlac leis na róil bhreise sin.

Aithním freisin na baill tuata a raibh baint acu leis na réimsí pianbhreithe agus iompair, a chuir arís lenár gcuid oibre trína ndearcadh agus a gcuid saineolas luachmhar.  Chuir go leor dár

gcomhghleacaithe a dtaithí ar fáil agus bhí siad toilteanach páirt a ghlacadh ag tacú lena chéile. Bhí na naisc láidre atá ag Éirinn le comhlachtaí ionadaíocha breithiúnacha idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí oiliúint bhreithiúnach tábhachtach freisin in 2022,

is mór againn cúnamh a thabhairt dár ndlúth-theagmhálaithe thar lear. Bhí ionadaithe ó na feidhmeanna oiliúna agus pianbhreithe araon in ann cur le comhdhálacha i Londain agus i nDún Éideann faoi seach, agus léargais luachmhara a fháil, agus ag an am céanna na caidrimh sin a neartú tar éis COVID.

Tá an cineál sin rannpháirtíocht idirnáisiúnta fíorluachmhar maidir le heolas agus léargais a fháil agus cúnamh suntasach a thabhairt don Chomhairle i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Tá mé féin agus an Bord buíoch freisin as tacaíocht Rúnaí agus fhoireann na Comhairle agus as cabhrú linn tabhairt faoi na spriocanna agus na dúshláin iomadúla a bhí ann in 2022. Tá áthas orm a rá go bhfuil an fhoireann méadaithe ó bheirt in 2021 go dtí cúigear. Cé nach bhfuil sé sin iomlán sásúil, cabhraíonn an tacaíocht sin linn ár spriocanna reachtúla go léir a bhaint amach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do gach uile duine as an obair atá déanta acu, agus as an obair atá ar siúl acu, agus as an mbealach cabhrach agus comhoibritheach ina dtugann gach ball d’fhoireann na Comhairle faoina gcuid feidhmeanna.

Tá mé ag tnúth go mór, in 2023, leis an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh againn. Tá mé dóchasach, chomh maith leis an obair leanúnach, gur féidir díriú i bhfad níos mó ar struchtúr leas breithiúnach a chruthú. Is gnáthrud é a bheith in ann teacht ar na tacaí sin anois i mbeagnach gach gairm, agus aithnítear go forleathan go gcabhraíonn sé le folláine.

D’ainneoin an líonra neamhfhoirmiúil agus na struchtúr tacaíochta i measc comhghleacaithe, bainfidh na breithiúna tairbhe as struchtúir níos foirmiúla a bheith i bhfeidhm.

Bíonn cásanna an-deacair agus an-strusmhar ag go leor breithiúna, agus bíonn ualaí oibre agus éilimh shuntasacha orthu. D’fhág an íomhá thraidisiúnta de ról an bhreithimh go rabhthas ag súil go mbeadh breithiúna beag beann ar na strusanna sin, nó gur cheart dóibh iad a láimhseáil leo féin. Níl sé seo indéanta sa lá atá inniu ann, má bhí sé riamh. Níl aon dabht ach go mbraitheann cuid mhaith de dhualgais bhreithiúnacha a chomhlíonadh go héifeachtach ar athléimneacht agus ar fholláine.

Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann leis sin maidir le muinín an phobail sna breithiúna a chur chun cinn agus a chothabháil, feidhm reachtúil de chuid na Comhairle.

**Donal O’Donnell, Príomh-Bhreitheamh,**
Cathaoirleach Chomhairle na mBreithiúna
Meitheamh 2023

# RÉAMHRÁ Ó RÚNAÍ CHOMHAIRLE NA MBREITHIÚNA



***Kevin O'Neill***
***Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna***

Tá an-áthas orm an tríú Tuarascáil Bhliantúil ó Chomhairle na mBreithiúna a thabhairt isteach. In 2022, lean an Chomhairle lena fás seasta tríd an mbonneagar a leathnú chun cabhrú lena feidhmeanna reachtúla, agus ag an am céanna a sainorduithe reachtúla go léir a chomhlíonadh.

I mbliana cuireadh beirt bhall foirne shinsearach eile léi agus rinneadh athchóiriú ar limistéar tiomnaithe i dTeach Cúirte stairiúil Shráid na Faiche chun freastal ar oifigí foirne agus ar riachtanais oiliúint bhreithiúnach araon. Tríd an Meabhrán Tuisceana leis an tSeirbhís Chúirteanna a bhí i bhfeidhm ó dheireadh 2021, éascaíodh tuilleadh dul chun cinn, a chuaigh chun sochair don dá eagraíocht.

Chomh maith leis na forbairtí dearfacha sin, áfach, bíonn go leor dúshlán ag cur bac fós ar fhás ag an luas a mbítear ag súil leis nó atá inmhianaithe.

Bliain i ndiaidh bliana ó bunaíodh é, baineadh garspriocanna reachtúla suntasacha amach, agus níor thaise don bhliain 2022. Ba é an rud ba shuntasaí gur shínigh an tAire Dlí agus Cirt an tOrdú um Thosach Feidhme, rud a d'éascaigh den chéad uair córas chun gearáin a dhéanamh maidir le hiompar chomhaltaí na breithiúnachta.

Ba é an chéad chéim shuntasach chun an sprioc sin a bhaint amach glacadh na dtreoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic ag gach breitheamh ag cruinniú Chomhairle na mBreithiúna i mí Feabhra.

Ina dhiaidh sin, rinne an Coiste um Iompar Breithiúnach agus an fhoireann araon obair iontach chun cabhrú leis an réisím iompair. A luaithe a chuir an coiste bailchríoch ar na próisis agus ar na nósanna imeachta a cheanglaítear leis an Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, chun glacadh le gearáin, cuireadh clabhsúr ar an obair a bhí ag teastáil chun gur féidir tús a chur le Mír 5 den Acht.  Cheadaigh sé sin glacadh le gearáin le héifeacht ón 3 Deireadh Fómhair.

Ag an bpointe seo, i mo ról mar Chláraitheoir don Choiste um Iompar Breithiúnach, is fiú trácht a dhéanamh ar an taithí luath a fuarthas ag déileáil le gearáin bhreithiúnacha. Ní mór don Chláraitheoir a chinneadh an meastar gearán a bheith inghlactha maidir le roinnt critéar atá leagtha amach san Acht.

Ba é an taithí a fuarthas le linn na dtrí mhí oibríochta in 2022 gur bhraith gearánaigh trí dhearmad gur deis a bhí sa chóras nua gearán míshástachta a dhéanamh maidir le torthaí na gcásanna.

Níor éirigh le gearáin eile an tairseach inghlacthachta atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh.

Cé go gcruthófar le soláthar faisnéis bhreise maidir leis an méid a d'fhéadfaí, nó nach bhféadfaí, a mheas a bheith inghlactha feasacht níos fearr do ghearánaigh ionchasacha, tá sé tábhachtach a shoiléiriú gur córas reachtúil é seo a cruthaíodh leis an Acht um Chomhairle na mBreithiúna agus ní mór do ghearán inghlactha iompar a nochtadh a d'fhéadfadh, i measc critéir eile, droch-cháil a tharraingt ar riar an cheartais.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, bhain breithiúna tairbhe as an luas méadaithe maidir le hoideachas agus oiliúint bhreithiúnach a sheachadadh, le tacaíocht ó

fhoireann na Comhairle. Earcaíodh duine dár mbeirt bhall foirne nua trí Chomórtas chun Stiúrthóir Comhlach Staidéir Bhreithiúnacha, oideachasóir a bhfuil taithí aige, a aithint chun an réimse seo a fhorbairt agus oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha.

Ceapachán tábhachtach a bhí ann agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann leis an bhfeidhm seo a fhorbairt. Ba é an bac ba mhó ar dhul chun cinn sa réimse seo, a léiríodh mar riosca corparáideach, go raibh sé fós ina dhúshlán do bhreithiúna a bheith ar fáil chun freastal ar oiliúint i bhfianaise phríomhéilimh na suíonna cúirte. Leanann an réimse seo ar aghaidh ag forbairt agus tá sé ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil breithiúna againn a bhfuil teacht acu ar oiliúint den chéad scoth, ag baint amach sprioc reachtúil na Comhairle maidir le muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an cheartais.

Tá dhá choiste ann a bhfuil sé de chúram orthu treoirlínte a fhorbairt do bhreithiúna faoin Acht. Tá tionchar suntasach ag an gCoiste um Threoirlínte agus roimhe seo, ach nuair a tugadh tuarascáil taighde ó Ollscoil Shrath Chluaidh chun críche in 2022, tarraingíodh aird ar an easnamh mór i ndáil le sonraí ar phianbhreith a ghearradh in Éirinn a theastaíonn chun cabhrú le forbairt treoirlínte.

Tabharfar aghaidh i bpáirt ar na dúshláin sin trí thionscadail taighde, a bhfuil ceann acu ar siúl faoi láthair le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, ach is é fírinne an scéil, nuair is féidir na struchtúir earcaíochta a chur i bhfeidhm, go gcaithfidh an Chomhairle a aonad taighde féin a fhorbairt.

Tar éis dó a chéad tionscadal a chríochnú i mí na Nollag 2020, chuir an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, tús lena chuid oibre go déanach in 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte a ghlac an Chomhairle in 2021.

Cuirfidh an coiste a athbhreithniú i gcrích faoi mhí an Mhárta 2024, ach arís tá sé suntasach go bhfuil sonraí teoranta ar fáil faoi láthair chun bonn eolais a chur faoin gcoiste seo.

Is toradh é seo ar líon íseal na gcinntí cúirte a tugadh faoi na Treoirlínte sin 2021.

In 2022, chuir an Chomhairle a cuid oibleagáidí rialachais chun cinn. Ba léir gur réimsí iad ina dtagann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit salach ar neamhspleáchas breithiúnach i roinnt gnéithe.

Is dúshlán ar leith é seo maidir le rialachas na Comhairle, de bhrí gur breithiúna amháin iad a comhaltaí, lena n-áirítear comhaltaí an Bhoird, a bhfuil a neamhspleáchas cosanta ag an mBunreacht.

Os a choinne sin, mar gheall ar a stádas mar chomhlacht poiblí, bíonn sé i dteagmháil le gnáthriachtanais rialachais na seirbhíse poiblí.

Tá prionsabail an neamhspleáchais bhreithiúnaigh a chumhdaítear inár mBunreacht fíorthábhachtach agus ní féidir iad a mhaolú, lena n-áirítear trí chomhlacht poiblí nua a chruthú. Ní fhéachtar leis an neamhspleáchas sin go seachnódh an Chomhairle oibleagáidí láidre rialachais. Go deimhin, in go leor réimsí cheana féin cuirtear breithiúna faoi ghrinnscrúdú difriúil agus i bhfad níos déine agus le caighdeáin níos airde ná mar a shamhlaítear faoin gCód sin.

Mar chomhairle breithiúnachta, cruthaíonn Comhairle na mBreithiúna in Éirinn naisc láidre le comhlachtaí breithiúnacha go hidirnáisiúnta. Aithnítear é sin go forleathan mar bhunriachtanas, agus déantar foráil dó san Acht um Chomhairle na mBreithiúna. Cé go raibh na breithiúna ag plé le go leor fóram le blianta fada agus go leanaimid orainn á dhéanamh sin faoi scáth Chomhairle na mBreithiúna, bhí muid ag iarraidh, ag an

leibhéal oifigiúil, na príomhchaidrimh sin a fhorbairt freisin.

Maidir leis sin, tá mé buíoch dár gcomhghleacaithe i ndlínsí na Ríochta Aontaithe as a gcuid léargas a roinnt maidir le feidhmeanna oiliúint bhreithiúnach agus treoirlínte pianbhreithe a fhorbairt, agus tá muid ar fáil i gcónaí chun cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí féin.

Leanann an Stiúrthóir Comhlach ar aghaidh ag aithint agus ag forbairt réimsí don chomhoibriú leis na tíortha sin chomh maith le SSR, Institiúid Oiliúint Bhreithiúnach na hÍsiltíre agus an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.

Tá Bord tiomanta agus tacúil ag an gComhairle, a tháinig le chéile ceithre huaire in 2022. Is iad breithiúna na Comhairle a dhéanann cathaoirleacht, a fhreastalaíonn ar a coistí agus a chuidíonn ar bhealach eile lena gcoistí a chinntíonn go leanfar ar aghaidh chun príomhfheidhmeanna na Comhairle a chur i gcrích.

Thug comhaltaí tuata, arna n-ainmniú ag an Rialtas, den Choiste um Iompar Breithiúnach agus den Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, thug siad cúnamh luachmhar dúinn le linn 2022. Táim féin agus a gcomhghleacaithe ar an gcoiste breithiúnach buíoch díobh as a saineolas agus a dtacaíocht.

Tá na cuspóirí a leag mé féin mar Rúnaí agus foireann na Comhairle síos dírithe ar thacaíocht ardchaighdeáin a chur ar fáil d'fheidhmeanna Chomhairle na mBreithiúna. Bíonn éilimh urghnácha ar am breithiúna agus nuair a bunaíodh an comhlacht seo, b'éigean dóibh siúd a bhí páirteach cur lena n-ualach oibre.

Baineann sé sin le 50 ar a laghad dár mbreithiúna agus bíonn go leor eile ag tairiscint a gcuid ama mar oiliúnóirí agus mar mheantóirí. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaimid orainn ag tacú le cuspóirí thar a bheith tábhachtach na Comhairle agus á stiúradh. Ní fhéadfaí an méid atá bainte amach go dtí seo a bhaint amach gan tacaíocht agus dúthracht ollmhór ár gceithre bhall foirne, a léiríonn an gur féidir leo beart a dhéanamh beag beann ar an dúshlán agus tá mé an-bhuíoch as a dtiomantas agus a ndíograis i leith Chomhairle na mBreithiúna agus tacaíocht gan teip dom féin.

Cabhróidh Comhairle na mBreithiúna le go leor glúnta breithiúna, ach chun tacaíocht den chéad scoth a chur ar fáil dá comhaltaí reatha, tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann ár dtacaí agus ár mbeartais a fhorbairt go hiomlán in 2023.

I measc na dtosaíochtaí reachtúla sa bhliain amach romhainn, áirítear athbhreithniú a chur i gcrích ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta, cabhrú le forbairt na gcéad treoirlínte maidir le pianbhreith a ghearradh, an córas nua do ghearáin bhreithiúnacha a bhainistiú, agus cabhrú le hoiliúint bhreithiúnach. D'fhéadfadh róil bhreise a bhaineann le hAcmhainní Daonna teacht chun cinn don Chomhairle ó Thuarascáil an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach. Leanfar leis na tosaíochtaí sin ar fad a bhaint amach ach is é an dúshlán is mó é sin a dhéanamh agus dul chun cinn a dhéanamh ag an am céanna maidir le struchtúir a fhorbairt chun baill foirne a earcú agus a fhorbairt mar chomhlacht neamhspleách.

Tá dúshláin ag baint leo sin i gcónaí, ach fanaim dóchasach go mbeidh tuilleadh dul chun cinn le feiceáil sa bhliain amach romhainn.

**Kevin O'Neill**
Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna
Meitheamh 2023

# FORBHREATHNÚ AR 2022

**SUÍOMH GRÉASÁIN**
judicialcouncil.ie
5347
CUAIRTEOIRÍ

**BONNEAGAR**

FEIDHM TF NEAMHSPLEÁCH

IOSTAS ATHCHÓIRITHE

**IDIRNÁISIÚNTA**

RANNPHÁIRTÍOCHT ATHNUAITE LE FORAIS BHREITHIÚNACHA IDIRNÁISIÚNTA

SAINEOLAS A ROINNT AR FUD AN DOMHAIN

**OILIÚINT BHREITHIÚNACH**

IONDUCHTÚ, MEANTÓIREACHT & STIÚRADH & OILIÚINT EITICE LEANÚNACH

STIÚRTHÓIR COMHLACH STAIDÉIR BHREITHIÚNACHA CHEAPTHA

CÚRSAÍ OILIÚNA SAINCHEAPTHA FORBARTHA & SEACHADTA

**25** OILIÚNÓIR OILTE

**24** MEANTÓIR OILTE

**PIANBHREITH A GHEARRADH**

TAIGHDE PIANBHREITHE NA CÚIRTE DÚICHE

TUARASCÁIL SONRAÍ FOILSITHE

20
CRUINNITHE REACHTÚLA A REACHTÁLADH

**IOMPAR BREITHIÚNACH**

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE HIOMPAR & EITIC GLACTHA

NÓSANNA IMEACHTA GEARÁN TUGTHA CHUN CRÍCHE

TÚS CURTHA LEIS AN GCÓRAS GEARÁN

**DÍOBHÁLACHA PEARSANTA**

TÚS CURTHA LE HATHBHREITHNIÚ AR THREOIRLÍNTE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

**TACAÍOCHT & LEAS BREITHIÚNACH**

AN CHÉAD CHRUINNIÚ DEN CHOISTE TACAÍOCHTA & LEASA

# MAIDIR LE COMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

# MAIDIR LE COMHAIRLE NA MBREITHIÚNA

Bunaíodh an Comhairle na mBreithiúna de bhun an Achta um Comhairle na mBreithiúna 2019 ("an tAcht") ar an 17 Nollaig 2019 de bhun Alt 5 den Acht. Is foras neamhspleách é a bhfuil a chomhaltaí uile ina mbreithiúna in Éirinn. Tá raon iomlán fheidhmeanna na Comhairle leagtha amach in Alt 7 den Acht. Comhlíonann Bord a lán d'fheidhmeanna na Comhairle agus tá tuilleadh faisnéise faoin mBord sin ar fáil ar leathanaigh 15 agus 16.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle ó thaobh gach ceann dá ceithre phríomhfheidhm mar seo a leanas:

1. Foras neamhspleách, forásach a thógáil le haghaidh breithiúna neamhspleácha
2. Sármhaitheas a chur ar fáil trí oiliúint thiomanta bhreithiúnach agus feidhmeanna tacaíochta, lena n-áirítear treoir a sholáthar maidir le díobhálacha pearsanta agus pianbhreitheanna
3. Feidhm a chruthú chun caighdeáin arda iompair bhreithiúnaigh a mhaoirsiú
4. Muinín an phobail as na breithiúna agus as riar ceartais a bhaint amach

Mar chuid lárnach de luachanna Chomhairle na mBreithiúna tá na croíluachanna breithiúnacha seo a leanas:

- Neamhspleáchas
- Neamhchlaontacht
- Ionracas
- Cuibheas (lena n-áirítear cuma an chuibhis)
- Inniúlacht agus dúthracht
- Caitheamh comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna.

Tá feidhmeanna sainiúla ag an gComhairle lena n-áirítear glacadh le agus foilsiú a leanas:

- Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach,
- Dréacht-Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus leasuithe arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta agus tuiscint ar na prionsabail a rialaíonn measúnú agus bronnadh damáistí maidir le díobhálacha pearsanta a chur chun cinn i measc breithiúna,
- Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus cur chun cinn tuisceana maidir le prionsabail phianbhreitheanna.

Chomh maith leis na feidhmeanna seo, tá ról níos ginearálta ag an gComhairle cumarsáid a bhunú, a choinneáil agus a fheabhsú le forais a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna a cheaptar i gcúirteanna lasmuigh d'Éirinn agus forais idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht do bhreithiúna.

Féadfaidh Bord na Comhairle nó coistí na Comhairle go leor de na feidhmeanna a chomhlíonadh, cé nach féadfaidh ach an Chomhairle amháin glacadh leis na treoirlínte dá dtagraítear roimhe seo.

Council alone. Ní mór go dtabharfaí Comhairle na mBreithiúna le chéile uair sa bhliain. Is é an Príomh-Bhreitheamh cathaoirleach na Comhairle. Is é Rúnaí na Comhairle Breithiúnach a bhainistíonn tacaíocht riaracháin do Chomhairle na mBreithiúna, a thuairiscíonn don Bhord i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna agus a thugann cuntas

don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do choistí Oireachtais eile maidir le cuntais agus riarachán ginearálta na Comhairle.

Maoinítear an Chomhairle ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt.

## Comhairle na mBreithiúna in 2022

Agus machnamh á dhéanamh ar 2022, tá sé an-dearfach a thuairisciú gur tháinig na mórphleananna ar fad a leag Comhairle na mBreithiúna amach chun críche. Leagtar amach sa Tuarascáil seo gníomhaíochtaí na gcoistí go léir, agus mar thoradh ar na príomhfhorbairtí eile:

- rinneadh nuachóiriú ar iostas oifige i dTeach Cúirte Shráid na Faiche le haghaidh spás agus
- áiseanna breise don Chomhairle chun oiliúint bhreithiúnach a chur ar fáil san fhoirgneamh sin agus
- aontaíodh ar fheidhm neamhspleách T.F. a chruthú do Chomhairle na mBreithiúna.

Thionóil Comhairle na mBreithiúna a cruinniú cinn bhliana i mí Feabhra 2022 a bhí, don dara bliain as a chéile, ina chianchruinniú. Mar thoradh ar an bpríomhábhar roimh an gcruinniú, glacadh na treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic, agus ina dhiaidh sin cuireadh oiliúint ar gach breitheamh ionas go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar na treoirlínte sin.

Go gairid tar éis bhunú na Comhairle, ba iad srianta phaindéim COVID-19 a shocraigh a bheag nó a mhór cén chaoi a ndéanfaí gnó. Sa dara leath de 2022, fuair breithiúna an deis freastal go pearsanta ar chúrsaí oiliúna agus ar chomhdhálacha a bhí á gcur ar fáil arís.

Cé gur lean cianchruinnithe ar aghaidh, bhí sé thar a bheith dearfach do bhreithiúna, laistigh dá ndlínsí agus mar ghrúpa amháin, tairbhe a bhaint freisin as bualadh le chéile go pearsanta arís.Go deimhin, thuairiscigh Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) tábhacht a leithéid in 2022, ag tabhairt dá haire an luach ag breithiúna, a bhaineann le “cruinnithe piaraí agus comhdhálacha chun eispéiris a roinnt” agus é sin a cheangal isteach i réimse níos leithne na folláine breithiúnaí.

Tionóladh dhá chomhdháil dlínse, agus ina ndiaidh sin comhdháil náisiúnta na mbreithiúna i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna, a eagraíodh mar chomhfhiontar leis an tSeirbhís Chúirteanna.

Cuireadh tús arís freisin leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta faoi scáth na Comhairle. Tá comhlachtaí idirnáisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar bhreithiúna ainmnithe ag an mBord thar ceann na Comhairle chun críche alt 7 (2) (k) den Acht.

Tar éis COVID, chuir sé sin ar chumas breithiúna agus baill foirne dul i dteagmháil ar bhealach níos cuidithí le comhghleacaithe i ndlínsí na Ríochta Aontaithe agus na hÍsiltíre chomh maith le caidreamh níos láidre a chruthú le Gréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna (GECB) agus leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB).

D’fhreastail ionadaithe na hÉireann ar chruinniú bliantúil Chumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna in Iosrael chomh maith.

Níos faide i gcéin, tugadh cuireadh dár Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha labhairt le breithiúna ó gach cearn den domhan ag dhá imeacht bhreithiúnacha mór le rá i gCeanada.

# AN BORD IN 2022

Tá 11 bhreitheamh ar Bhord Chomhairle na mBreithiúna agus leagann an tAcht an bunús atá lena gceapachán:

- Is comhaltaí ex officio iad an Príomh-Bhreitheamh agus Uachtaráin na gCeithre Cúirteanna.
- Toghann a gcomhghleacaithe breitheamh amháin as gach ceann de na cúig dhlínse
- Toghtar breitheamh amháin de réir an Achta (ón gCúirt Uachtarach go dtí 2024)

Mairfidh téarma comhaltais gach breitheamh tofa agus comhthofa ar feadh ceithre bliana. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an Bhoird do 2022 leagtha amach ar an leathanach seo a leanas.

## Feidhmeanna an Bhoird

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 11 den Acht.

Comhlíonann an Bord feidhmeanna na Comhairle thar ceann na Comhairle de réir treoracha (más ann dá leithéid) a d'fhéadfadh an Chomhairle a thabhairt don Bhord.

Go ginearálta, breithníonn agus cinneann an Bord beartas maidir le comhlíonadh feidhmeanna na Comhairle agus déanann maoirsiú ar chur i bhfeidhm an bheartais sin ag an Rúnaí.

Tá ról tábhachtach reachtúil aige freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar a leanas:

- dréacht-Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta arna n-ullmhú agus á gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta,
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta a d'ullmhaigh an Coiste sin
- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas,
- dréachtleasuithe ar na Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna arna n-ullmhú ag an gCoiste sin,
- dréacht-Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic arna n-ullmhú agus arna gcur isteach ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach, agus
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a d'ullmhaigh an Coiste sin.

Féadfaidh an Bord freisin cibé athrú a dhéanamh ar na dréacht-Treoirlínte sin, nó dréacht-leasuithe ar Threoirlínte dá leithéid, mar a mheastar cuí.

I mí Eanáir 2022, rinne an Bord athbhreithniú ar na dréacht-Treoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a d'ullmhaigh an Coiste um Iompar Breithiúnach, agus chuir sé an dréacht ar aghaidh lena ghlacadh ag Comhairle na mBreithiúna.


Ní mór go dtabharfaí an Bord le chéile ceithre huaire sa bhliain. In 2022 tháinig sé le chéile ceithre huaire. Tháinig roinnt athruithe ar bhallraíocht an Bhoird i rith na bliana. Tháinig an Breitheamh Barniville in ionad an Bhreithimh Irvine nuair a d'éirigh sí as mar Uachtarán na hArd-Chúirte agus ba é an Breitheamh Baker a líon an folúntas mar chomhalta tofa den Chúirt Uachtarach.


# COMHALTAÍ AN BHOIRD




























1. An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell
   Príomh-Bhreitheamh, Cathaoirleach
2. An Breitheamh Onórach George Birmingham
   Uachtarán na Cúirte Achomhairc
3. An Breitheamh Onórach David Barniville
   Uachtarán na hArd-Chúirte
4. An Breitheamh Onórach Patricia RyanRyan
   Uachtarán na Cúirte Cuarda
5. An Breitheamh Paul Kelly
   Uachtarán na Cúirte Dúiche
6. An Breitheamh Onórach Marie Baker
   An Chúirt Uachtarach
7. An Breitheamh Onórach Aileen Donnelly
   An Chúirt Achomhairc
8. An Breitheamh Onórach Michael MacGrath
   An Ard-Chúirt
9. An Breitheamh John Aylmer
   An Chúirt Chuarda
10. An Breitheamh Elizabeth MacGrath
    An Chúirt Dúiche
11. An Breitheamh Onórach Iseult O'Malley
    An Chúirt Uachtarach

Is é an tUasal Kevin O'Neill Rúnaí Chomhairle na mBreithiúna

Is í an tUasal Mary Murphy rúnaí an Bhoird

# AN COISTE UM STAIDÉAR BREITHIÚNACH

# AN COISTE UM STAIDÉIR BHREITHIÚNACHA



***An Breitheamh Uasal Aileen Donnelly***
*Cathaoirleach*



***An Breitheamh Uasal Mary Rose Gearty***
*Stiúrthóir um Staidéir Bhreithiúnacha*

## Forléargas

Bunaíodh an Coiste um Staidéir Bhreithiúnacha faoi Alt 17 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019 chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint leanúnach breithiúna. Ghlac an Chomhairle le Téarmaí Tagartha an Choiste i mí Feabhra 2020. Áirítear ar fheidhmeanna an Choiste oideachas agus oiliúint a sholáthar do na breithiúna maidir le cúrsaí dlí, eitice agus iompair, cearta an duine agus comhionannas, moltóireacht agus teicneolaíocht faisnéise. Tá cur chun cinn agus cosaint bhunluach an Neamhspleáchais bhreithiúnaigh in oiliúint bhreithiúnach ríthábhachtach don soláthar oiliúna agus oideachais.

Tá bunú agus cothabháil cumarsáide le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta in oideachas agus in oiliúint bhreithiúnach faoi shainchúram an Choiste freisin.

Chuir an Coiste tús lena chúraimí reachtúla ag tús Phaindéim Covid agus dhréachtaigh sé prótacail chun breitheamh a cheapadh mar Stiúrthóir Staidéir Bhreithiúnacha a chríochnaigh nuair a ceapadh an Breitheamh In. Mary Rose Gearty in 2020 tar éis próiseas iomaíoch.

Ón am sin i leith ba iad oiliúint ionduchtúcháin, meantóireacht, oiliúint oiliúnóirí breithiúnacha agus cúrsaí riachtanacha ar nós eitice a fhorbairt agus a sheachadadh príomhfhócas an Choiste agus an Stiúrthóra.

## Cláir Oiliúna Sheanbhunaithe

Le linn 2022, leanadh de chláir a forbraíodh le linn an dá bhliain roimhe sin a sheachadadh chuig na breithiúna. Áirítear orthu sin Iompar Breithiúnach agus Eitic, Ath-thrámáil a Sheachaint, Claonadh Neamhfhiosach agus Finnéithe Leochaileacha, Ionduchtú agus Meantóireacht. Ina lán cásanna, rinneadh athbhreithniú, nuashonrú agus leathnú ar na cláir agus ar a n-ábhair thacaíochta chun aiseolas, riachtanais nua, nó dea-chleachtas idirnáisiúnta a léiriú. Faoi dheireadh 2022, bhí thart ar 87% de bhreithiúna na hÉireann ar fud na ndlínsí go léir i mbun clár amháin dá leithéid ar a laghad.

Leanadh le hIompar Breithiúnach agus **Eitic** a sheachadadh toisc go n-aithnítear go hidirnáisiúnta é mar chuid lárnach den fheidhm bhreithiúnach. Chuir an Stiúrthóir an clár ar líne seo ar fáil ar fud bhreithiúnacht na hÉireann a chlúdaigh croíphrionsabail an Neamhspleáchais, na Neamhchlaontachta, an Ionraicis, an Chuibhis, an Chomhionannais, na hInniúlachta agus na Dúthrachta..

Ag tógáil ar an gclár a forbraíodh in 2021 i gcomhar le hÓstaí an Rí, rinneadh athbhreithniú agus leathnú ar an gclár Claonadh Neamhfhiosach nuair a tugadh isteach modúl maidir le haistriúchán cúirte agus plé ar an tuarascáil Rochtain ar an gCeartas maidir leis an Lucht Siúil.



***An tUasal Maria Fitzgerald***
***Stiúrthóir Comhlach Staidéir Bhreithiúnacha***

Is é is aidhm an chláir oiliúna seo cabhrú le breithiúna réimsí féideartha claontachta a shainaithint, steiréitíopaí a bhréagnú agus tuiscint níos doimhne a bheith acu ar dhaoine a mbíonn a dtaithí éagsúil lena gcuid féin.

Forbraíodh Ath-thrámáil a Sheachaint ar dtús in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna a ardaíodh in Athbhreithniú O'Malley ar Chosaintí d'Fhinnéithe Leochaileacha in Imscrúdú agus Ionchúiseamh Cionta Gnéis, san Acht um an Dlí Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 agus sa Treoir maidir le híospartaigh.

Dhírigh an clár ar thuiscint na mbreithiúna ar eispéiris íospartach i gcásanna cionta gnéis a fhorbairt agus déantar iniúchadh ar bhealaí inar féidir an tráma, a thagann chun cinn arís d'íospartaigh le linn trialach, a laghdú.

Comhfhiontar a bhí anseo le hInstitiúid um Oiliúint Bhreithiúnach na hÍsiltíre (SSR), a lean ar aghaidh in 2022.

Chuir an Coiste cabhair leanúnach ar fáil do na breithiúna lena gcuid scileanna Gaeilge a fheabhsú agus a chothabháil trí ranganna comhrá Gaeilge a bheith acu ag am lóin gach coicís. Chomh maith leis sin, ghlac roinnt breithiúna páirt i gcláir oíche agus i dtumchlár cónaithe sa Ghaeltacht.

Ó Mheán Fómhair 2020 i leith, ghlac gach breitheamh nuacheaptha páirt in oiliúint Ionduchtúcháin roimh chás a éisteacht. Tá fócas an-phraiticiúil ag an gcúrsa seo agus pléann sé le dinimic seomra cúirte, ceartas nós imeachta agus cásanna éilitheacha a bhainistiú sa chúirt. In 2022, ghlac 13 breithiúna nuacheaptha páirt san oiliúint sin.

Tá clár meantóireachta ar fáil do bhreithiúna nuacheaptha chun cabhrú leo le linn a gcéad bhliana. Is breithiúna a bhfuil taithí acu iad na meantóirí a thug faoi oiliúint mheantóireachta shaincheaptha. Faoi dheireadh 2022, bhí 24 breitheamh a raibh taithí acu oilte mar mheantóirí. Cé go mbíonn an tacaíocht foirmiúil cuirtear in oiriúint í chun freastal ar riachtanais na mbreithiúna nua, idir phearsanta agus ghairmiúil, nuair a cheaptar iad den chéad uair.

## Cláir Oiliúna Nua

Gné dhílis d'oiliúint bhreithiúnach is ea an tábhacht a bhaineann le hoiliúint faoi stiúir na mbreithiúna. Aithnítear é seo go hidirnáisiúnta mar dhea-chleachtas agus is rud é a d'aithin an Coiste óna thús mar rud bunúsach chun a shainchúram a chomhlíonadh.

Dearadh agus seachadadh na cláir Oiliúna Saincheaptha i gcomhar le heagraíochtaí oiliúna breithiúnacha eile chun eolas, scileanna agus inniúlacht in oiliúint bhreithiúnach a chur ar fáil do bhreithiúna. Faoi dheireadh 2022, tá 25 breitheamh tar éis oiliúint a fháil mar oiliúnóirí breithiúnacha agus anois is féidir leo cláir oiliúna a dhearadh agus a sheachadadh atá uathúil do chomhthéacs breithiúnach na hÉireann.

In 2022, reáchtáil an Coiste clár píolótach maidir le Rialú Comhéigneach i gcomhar le

Cúnamh do Mhná. Dhírigh an comhoibriú sin ar thuiscint an choincheapa maidir le rialú comhéigneach a fhorbairt i measc foireann bhreithiúna a chuirfidh oiliúint ar chomhghleacaithe.

Is oiliúnóirí breithiúnacha a dhéanfaidh cúrsaí amach anseo a fhorbairt agus a sheachadadh agus cinnteoidh siad go mbíonn tuiscint leathan i measc na mbreithiúna ar choincheap an rialaithe chomhéignigh agus ar an tionchar a bhíonn ag rialú comhéigneach ar íospartaigh agus ar leanaí, agus beifear in ann plé agus anailís a dhéanamh ar na forálacha dlí ábhartha agus ar an gcásdlí atá ag teacht chun cinn.

## Fócas Idirnáisiúnta

Cuid lárnach d'fhorbairt agus do sheachadadh clár oideachais agus oiliúna do bhreithiúna is ea comhoibriú le gníomhaireachtaí eile. Le linn 2022, chuir Institiúid Oiliúint Bhreithiúnach na hÍsiltíre (SSR), Coláiste Breithiúnach Shasana agus na Breataine Bige agus an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) treoir agus tacaíocht leanúnach ar fáil.

Bhí ionchur luachmhar ann freisin ó Institiúid Bhreithiúnach na hAlban agus ó Bhord Staidéir Bhreithiúnacha i dTuaisceart Éireann. D'fhreastail baill foirne an Choiste agus na Comhairle Breithiúnaí ar imeachtaí lena n-áirítear Comhdháil Staidéir Bhreithiúnacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann agus Comhthionól Ginearálta an GEOB.

I mí na Samhna, chuir an Stiúrthóir seisiún i láthair ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Oiliúint Bhreithiúnach (IOJT) i gCeanada.

## Ag breathnú ar aghaidh go 2023

In 2023, tá sé mar aidhm ag an gCoiste an tsraith clár a fhorbairt a thairgtear chun freastal ní hamháin ar riachtanais láithreacha na mbreithiúna, ach ar a riachtanais fhadtéarmacha trí anailís a dhéanamh ar riachtanais oiliúna ar fud an chórais. Leis an méadú a bhfuiltear ag súil leis ar líon na mbreithiúna, beidh sé mar phríomhthosaíocht ag an gCoiste feabhas a chur ar an gclár ionduchtúcháin a thairgtear do bhreithiúna nua le modúil nua agus oiliúint Meantaithe a phíolótú.

Réimse eile fócais is ea rannpháirtíocht níos mó a chur chun cinn san oideachas breithiúnach agus san oiliúint bhreithiúnach a chuirtear ar fáil go hidirnáisiúnta.

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, ní mór aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hinfhaighteacht breithiúna chun oiliúint a sheachadadh agus freastal uirthi, mar aon le soláthar foirne agus acmhainní chun cabhrú leis an sainchúram oiliúna.




### Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

- An Breitheamh Onórach John MacMenamin (Ar scor an 24 Samhain 2022)
- An Breitheamh Onórach  Brian Murray (A ceapadh ar ócáid scoir MacMenamin J.)
- An Breitheamh Onórach Aileen Donnelly, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach Mary Rose Gearty, an Stiúrthóir ar Staidéar Breithiúnach
- An Breitheamh Onórach Niamh Hyland
- An Breitheamh Mary O Malley Costello
- An Breitheamh Paul Kelly, Uachtarán na Cúirte Dúiche
- An Breitheamh Marie Quirke, Leas-Chathaoirleach

# AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

# AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA



***An Breitheamh Onórach Elizabeth Dunne***
*Cathaoirleach an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta*

## Réamhrá

Ceanglaítear ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta de bhun Alt 18(11) den Acht tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid Chomhairle na mBreithiúna lena chur san áireamh ina Tuarascáil Bhliantúil. Seo í an tuarascáil a ullmhaíodh d'fhonn an oibleagáid sin a chomhlíonadh.

Ba é ceanglas reachtúil an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta ná Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta a dhréachtú de bhun Alt 90 lena gcur faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna. Chuir an Coiste na dréacht-Treoirlínte maidir le Dhíobhálacha Pearsanta faoi bhráid Bhord Chomhairle na mBreithiúna ar an 9 Nollaig 2020 de bhun Alt 18(4) arna leasú, agus thug siad a chuid oibre ar an gcéad cheanglas sin chun críche.

Nuair a ghlac Comhairle na mBreithiúna na treoirlínte sin i mí an Mhárta 2021, tugadh an chéad chéim den phróiseas chun críche.

Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gCoiste, ar a raibh seachtar breithiúna, aon ghníomhaíochtaí a dhéanamh go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar na Treoirlínte sin laistigh de thrí bliana ó ghlac an Chomhairle iad.

## Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta in 2022

Ceanglaítear ar an gcoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte sin ó am go ham de réir Alt 18 (5) den Acht, a chaithfear, de réir an ailt sin, a chur i bhfeidhm faoi Mhárta 2024. Tháinig an coiste le chéile chun tús a chur leis an bpróiseas sin go déanach in 2022, agus tabharfar breac-chuntas ina thuarascáil bhliantúil do 2023 ar an obair a rinneadh chun an t-athbhreithniú reachtúil sin a dhéanamh.

Ceanglaítear ar an gCoiste arís faoi Alt 90 den Acht aird a thabhairt ar roinnt nithe agus na Treoirlínte á n-ullmhú, lena n-áirítear:

- leibhéal na ndamáistí a dhámhfadh cúirteanna in Éirinn ar dhíobhálacha pearsanta agus cibé áit lasmuigh d'Éirinn a mheasann an Coiste a bheith ábhartha
- prionsabail chun damáistí i leith díobhálacha pearsanta a mheas agus a dhámhachtain arna gcinneadh ag an Ard-Chúirt, ag an gCúirt Achomhairc agus ag an gCúirt Uachtarach
- treoirlínte a bhaineann le rangú díobhálacha pearsanta
- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i leibhéal na ndamáistí a dhámhtar ar dhíobhálacha pearsanta

## Seo a leanas ballraíocht an Choiste um Threoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta:

- An Breitheamh Onórach Elizabeth Dunne, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach Seamus Noonan
- An Breitheamh Onórach Michael MacGrath
- An Breitheamh Onórach Paul Coffey
- An Breitheamh Sarah Berkeley
- An Breitheamh James McCourt
- An Breitheamh Brian O'Shea

# AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS

# AN COISTE UM THREOIRLÍNTE MAIDIR LE PIANBHREITHEANNA AGUS EOLAS



***An Breitheamh Onórach Iseult O'Malley***
*Cathaoirleach an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas*

## Réamhrá

Bunaíodh an Coiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas an 30 Meitheamh 2020.

Tá 13 chomhalta san iomlán ina mbaill, ó dhá chatagóir; ochtar breithiúna arna n-ainmniú ag an bPríomh-Bhreitheamh atá ionadaitheach do gach dlínse agus cúigear comhaltaí tuata arna gceapadh ag an Rialtas agus a fhónann uile ar feadh téarma ceithre bliana.

Tá na sonraí ar fad maidir le ballraíocht an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas leagtha amach ar leathanach 28.

Is iad feidhmeanna an Choiste de bhun Alt 23 den Acht ná:

- dréacht-Treoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid Bhord na Comhairle chun a n-athbhreithnithe,
- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe,
- monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na dTreoirlínte maidir le Pianbhreithe,
- eolas faoi phianbhreitheanna arna bhforchur ag na cúirteanna a thiomsú ar cibé modh is cuí leis, agus
- an t-eolas sin a scaipeadh ó am go chéile ar bhreithiúna agus ar dhaoine nach breithiúna iad.

A luaithe a ghlacann Comhairle na mBreithiúna treoirlínte maidir le pianbhreitheanna, ní mór do chúirt aird a thabhairt ar aon treoirlínte ábhartha agus pianbhreith á gearradh aici ach amháin sa chás go meastar go mbeadh sé malartach do leasanna an chirt. I gcás den sórt sin, caithfidh an chúirt a cúiseanna a thabhairt.

Is leathan an réimse tosca a chaithfidh an coiste a mheas, ina measc:

- pianbhreitheanna a ghearrann na cúirteanna faoi láthair,
- an gá le comhsheasmhacht a chur chun cinn i bpianbhreitheanna,
- tionchar chinntí na gcúirteanna a bhaineann le pianbhreitheanna ar íospartaigh na gcionta lena mbaineann,
- an gá le muinín an phobail sa chóras dlí coiriúil a chur chun cinn,
- na costais a bhaineann le cineálacha éagsúla pianbhreithe a fhorghníomhú agus a n-éifeachtacht choibhneasta maidir le hathchiontú a chosc.

Tá spéis agus saineolas faoi leith ag na breithiúna a ainmníodh ar an gCoiste maidir le pianbhreitheanna a ghearradh. Déanann na baill thuata a gcuid saineolais a fheabhsú, agus is é an Rialtas a cheap na baill seo i mí Iúil 2020 tar éis moltaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Agus duine á cheapadh le bheith ina bhall den Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas, b'éigean don

Rialtas a bheith sásta go bhfuil taithí agus eolas i measc na mball maidir le:

- ionchúiseamh imeachtaí coiriúla,
- cosaint imeachtaí coiriúla,
- póilíneacht,
- riar an chirt,
- beartas maidir le pianbhreitheanna

## Tuarascáil an Choiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas in 2022

Tá sé de dhualgas ar an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas de bhun Alt 23(8) an Tuarascáil sin ar a ghníomhaíochtaí a chur isteach go bliantúil lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle na mBreithiúna. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2022.

Tar éis dó Ollscoil Shrath Chluaidh a fhostú chun taighde a dhéanamh thar a cheann ar mhodheolaíochtaí chun sonraí a bhailiú, fuair an Coiste an dara agus an tríú Tuarascáil Eatramhach, agus an Tuarascáil Deiridh ina dhiaidh sin, le linn 2022.

Tar éis anailís a dhéanamh ar phríomhfhoinsí sonraí pianbhreithe in Éirinn, agus taighde a dhéanamh ar thaithí agus ar chórais go hidirnáisiúnta i ndlínsí inchomparáide, rinne an Tuarascáil seo roinnt moltaí agus leag sí béim ar roinnt tátal. Is é an téama lárnach “go mbíonn treoirlínte maithe ag brath ar shonraí maithe”.

Tugtar chun suntais sa tuarascáil nach leor na sonraí reatha in Éirinn do chúram an choiste, go bhfuil gá le sonraí ardchaighdeáin a bhailiú agus gur gá iad a institiúidiú, agus go bhfuil gá le córais a chur i bhfeidhm chun na sonraí sin a thiomsú agus a anailísiú, lena n-áirítear trí fheidhm taighde a bhunú laistigh den Chomhairle.

Tá an Coiste buíoch as an tsárobair a rinne an fhoireann taighde, ghlac sé le moltaí na Tuarascála agus d’fhoilsigh sé an tuarascáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Ba iad seo a leanas baill fhoireann taighde Shrath Chluaidh:

- An Dr Jay Gormley (Ionad Dlí, Coireachta & Ceartais, Scoil Dlí, Ollscoil Strathclyde, Albain)
- An tUasal Tom O’Malley Abhcóide Sinsir (Ball de Bharra Sinsear na hÉireann agus Ollamh Comhlach le Dlí, OÉ Gaillimh)
- An tOllamh Julian Roberts (An Lárionad



um Thaighde Coiriúil, Dámh an Dlí, Ollscoil Oxford, Sasana)

- An tOllamh Cassia Spohn (Scoil na Coireolaíochta & Ceartas Coiriúil, Arizona State University, SAM)
- An tOllamh Cyrus Tata (Ionad an Dlí, Coireachta & Ceartais, Scoil Dlí, Ollscoil Strathclyde, Albain)

## Tionscadal na Cúirte Dúiche

Tar éis cinneadh a dhéanamh ag deireadh 2021 painéal taighdeoirí a bhunú chun taighde dírithe a dhéanamh ar thopaicí scoite, ba é an chéad ábhar den taighde sin tuairimí agus taithí breithiúna na Cúirte Dúiche ar phianbhreith a ghearradh agus ar fhoréigean i ndlúthchaidreamh. Rinne an Coiste tairiscint don obair seo agus thug siad conradh don Dr. Niamh Maguire ó Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun an tionscadal seo a chur i gcrích, le tacaíocht ó bheirt taighdeoirí.

Is é cuspóir an tionscadail tuairimí Bhreithiúna na Cúirte Dúiche maidir leis an bpróiseas pianbhreithe sa Chúirt Dúiche a aithint trí agallaimh rúnda i bpearsa le breithiúna a éisteann cásanna i mBaile Átha Cliath agus ar fud na hÉireann le meascán de bhreithiúna inaistrithe agus sannta.

Bhí trí chuspóir taighde ag an staidéar, a thosaigh i lár na bliana:

(a) A fháil amach cad iad na hábhair imní agus na dúshláin a bhaineann le cur chuige i leith pianbhreith a ghearradh agus teacht ar chinneadh in ábhair choiriúla sa Chúirt Dúiche.

(b) Ábhair imní agus dúshláin a fháil amach maidir le cur chuige i leith cinntí a dhéanamh i gcásanna sonracha foréigin agus mí-úsáide i ndlúthchaidreamh.

(c) Tuairimí a fháil amach maidir le conas cabhrú níos fearr le pianbhreith a ghearradh sa Chúirt Dúiche, lena n-áirítear tuairimí ar Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus ról CTPE.

Cuireadh an tionscadal i gcrích faoi dheireadh na bliana agus tá an Coiste ag súil le breithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil agus ar na tátail in 2023.

## Faisnéis maidir le Pianbhreith a Ghearradh

Chuir infhaighteacht faisnéise in 2022 maidir leis an gCúirt Achomhairc pianbhreith a ghearradh, chuir sé ar chumas an Choiste sonraí nuashonraithe a fhoilsiú maidir le breis agus 600 cás a éisteadh ar achomharc, rud a chabhróidh le breithiúna agus le cleachtóirí dlí araon. Tá dhá dhoiciméad faisnéise foilsithe ag an gCoiste freisin ina dtugtar achoimre ar an gcásdlí atá ann cheana maidir le pianbhreith a ghearradh. Tugann an dá cheann breac-chuntas ar na tosca, de réir chineál an chiona, ag féachaint don chion sin, do leibhéal na tromchúise agus d'aon tosca géaraitheacha, taobh thiar den phianbhreith a tharraingeodh an cion. Tá sé mar aidhm ag an doiciméad dar teideal 'Sentencing Judgments Guidance for the General Public' faisnéis a sholáthar agus tuiscint níos fearr a chruthú ar ghearradh pianbhreitheanna i leith roinnt cionta níos tromchúisí.

## Rannpháirtíocht idirnáisiúnta

D'óstáil Comhairle Pianbhreithe na hAlban comhdháil pianbhreithe, inar tháinig baill de



na ceithre fhoras as Éirinn, Albain, Tuaisceart Éireann agus Sasana agus an Bhreatain Bheag le chéile chun a bpleananna oibre agus saincheisteanna comhleasa éagsúla a phlé. Beidh an teagmháil seo le dlínsí eile agus deiseanna chun foghlaim agus eispéiris a roinnt agus comhoibriú féideartha a bheith ann fíorluachmhar d'obair an choiste amach anseo. I mí na Samhna 2022, d'fhreastail grúpa de bhaill an Choiste ar an gcomhdháil i nDún Éideann a d'eagraigh Comhairle Pianbhreithe na hAlban. Tá sé beartaithe, i bhfianaise chomh maith agus a d'éirigh leis an rannpháirtíocht, go dtionólfar comhdháil eile in 2024, a bheidh á reáchtáil in Éirinn.

## Ag breathnú chun cinn

Meastar go bhfoilseoidh an Coiste nuashonruithe ar a chuid oibre de réir mar a théann sé ar aghaidh agus go gcuirfidh sé rochtain ar a thaighde ar fáil. Chun na críche sin, déanfar suíomh Gréasáin Chomhairle na mBreithiúna a oiriúnú chun go bhféadfar rochtain éasca ar an bhfaisnéis sin a sholáthar don phobal i gcoitinne. Tá nós imeachta an choiste chun treoirlínte maidir le pianbhreitheanna a fhorbairt á dhréachtú agus tá sé i gceist é a fhoilsiú go luath in 2023.

Chomh maith leis sin, tiocfaidh plean oibre trí bliana chun cinn ina leagfar amach na tosaíochtaí don tréimhse sin, a bheidh ar fáil ar an suíomh gréasáin ar an gcaoi chéanna.

## Ba iad baill an Choiste ag deireadh 2022 ná:

- An Breitheamh Onórach Iseult O'Malley (Cathaoirleach)
- An Breitheamh Onórach John Edwards
- An Breitheamh Onórach Tony Hunt
- An Breitheamh Onórach Paul Coffey
- An Breitheamh Onórach Tara Burns
- An Breitheamh Francis Comerford
- An Breitheamh Keenan Johnson
- An Breitheamh Paula Murphy
- An tUasal Vivian Geiran
- An Dr Diarmuid Griffin
- An tUasal Michael O'Sullivan
- An tUasal Marianne O'Kane
- An Dr Sinéad Ring.

# NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH

# NA COISTÍ UM THACAÍOCHT BHREITHIÚNACH

## Tacaíocht agus Leas

Forálann an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna do bhunú cúig Choiste Tacaíochta Breithiúnacha reachtúla, ceann amháin do gach dlínse. Tá sé i gceist go dtabharfaidh gach coiste, ar a bhfuil breitheamh arna thoghadh ag a c(h)omhghleacaithe, comhairle agus cúnamh don Chomhairle ó thaobh a ndlínse cúirte faoi seach.

Maidir leis sin, agus le fócas ar leith ar leas, bhunaigh an Chomhairle Coiste Leasa agus Tacaíochta trasdlínse ag a céad chruinniú. Tá an Coiste sin comhdhéanta de bhreitheamh ó gach ceann de na cúig dhlínse agus oibreoidh sé chun soláthar a dhéanamh maidir le leas breithiúnach agus cúnamh a thabhairt ina leith.



## Na Coistí um Thacaíocht Bhreithiúnach

Deirtear in Alt 30 (3) den Acht gurb é feidhm Choiste um Thacaíocht Bhreithiúnach ná comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo sa mhéid go mbíonn baint ag cúrsaí atá ábhartha don chúirt agus a bhfuil baint ag an gCoiste leis na cúrsaí sin.

Dáta bunaithe na gcúig choiste: an 31 Márta 2020

Ar gach ceann de na coistí dlínsiúla tá (i) an tUachtarán dlínse agus (ii) an ball/na baill t(h)ofa ón dlínse sin. De bhreis ar thoghcháin a bhí ar siúl, bhí na breithiúna seo a leanas ina gcomhaltaí dá gcúirteanna faoi seach ar an 31 Nollaig:

(i) **An Chúirt Uachtarach**
An Breitheamh Onórach Elizabeth Dunne

(ii) **An Chúirt Achomhairc**
Folúntas

(iii) **An Ard-Chúirt**
An Breitheamh Onórach Robert Eagar agus an Breitheamh Onórach Niamh Hyland

(iv) **An Chúirt Chuarda**
An Breitheamh Tom O'Donnell agus an Breitheamh Eoin Garavan

(v) **An Chúirt Dúiche**
An Breitheamh Marie Keane
An Breitheamh Dermot Simms



***An Breitheamh Onórach Marie Baker***
*Cathaoirleach an Choiste um Leas Breithiúnach*

## An Coiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht - a bunaíodh de bhun Alt 7 (3) (a)

Féadfaidh Comhairle na mBreithiúna coistí a bhunú chun cabhrú lena feidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad Téarmaí Tagartha an Choiste um Leas Breithiúnach agus Tacaíocht mar a glacadh iad ag an gcéad chruinniú de chuid Chomhairle na mBreithiúna ar an 7 Feabhra 2020 ná cúnamh agus comhairle a thabhairt do Chomhairle na mBreithiúna agus í ag comhlíonadh a feidhme mar a leagtar amach in Alt 7 (2) (l) den Acht chun cabhrú le tacaíocht a sholáthar do bhreithiúna i gcoitinne.



Tá cúigear breitheamh ar an gCoiste agus is é an Príomh-Bhreitheamh a ainmníonn iad mar seo a leanas:

1. **An Chúirt Uachtarach**
   An Breitheamh Onórach Marie Baker
   Cathaoirleach
2. **An Chúirt Achomhairc**
   An Breitheamh Onórach Caroline Costello
3. **An Ard-Chúirt**
   An Breitheamh Onórach Garrett Simons
4. **An Chúirt Chuarda**
   An Breitheamh Elma Sheahan
5. **An Chúirt Dúiche**
   An Breitheamh John Brennan

Is é an téarma oifige do bhall an Choiste um Thacaíocht agus Leas ná ceithre bliana.

Tháinig an coiste seo le chéile den chéad uair in 2022 agus chuir sé tús le meastóireacht ar na córais neamhfhoirmiúla tacaíocht bhreithiúnach atá i bhfeidhm faoi láthair, agus braitheann cuid mhór acu ar chomhghleacaíocht bhreithiúnach.

Is príomhthosaíocht do 2023 é dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin. I measc na gcéad chéimeanna eile don choiste tá plé agus a shainaithint i gcomhar le breithiúna cineál na dtacaí a mheastar a bheith riachtanach. Ina dhiaidh sin, is féidir leis an gcoiste dul i dteagmháil le gairmithe seachtracha sa réimse d’fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar an tacaíocht riachtanach do na breithiúna.

# AG BREATHNÚ AR AGHAIDH GO 2023

# AG BREATHNÚ AR AGHAIDH GO 2023



Socraítear clár oibre Chomhairle na mBreithiúna do 2023 arís trí na garspriocanna agus na cuspóirí reachtúla san Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019 a bhaint amach, agus trí fhorbairt leanúnach ar na tacaí is gá chun feidhmeanna méadaitheacha na Comhairle a chomhlíonadh.

Cuirfear cuid shuntasach den chéad athbhreithniú ar na Treoirlínte maidir le Díobhálacha Pearsanta i gcrích i mbliana, agus is é Márta 2024 an dáta deiridh chun é sin a dhéanamh.

Faoin am sin cuirfear aon leasuithe a mholtar faoi bhráid an Bhoird lena mbreithniú.

Is í seo an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú an chórais reachtúil chun gearáin a dhéanamh maidir le hiompar breithiúnach agus is díol spéise an taithí a bheidh ann maidir le gearáin thar thréimhse dhá mhí dhéag.

Tá sé i gceist ag an gCoiste um Threoirlínte maidir le Pianbhreitheanna agus Eolas agus ag an gCoiste um Staidéir Bhreithiúnacha a bpleananna oibre trí bliana a ullmhú agus a fhoilsiú in 2023

Foilseoidh an Coiste Pianbhreithe doiciméad freisin, a gcuirfidh an creat reachtach in Éirinn agus an dea-chleachtas i ndlínsí eile bonn eolais faoi, doiciméad ina leagtar amach an nós imeachta a leanfaidh an Coiste agus treoirlínte maidir le pianbhreitheanna á bhforbairt.

Cuirfear bailchríoch freisin ar thaighde atá idir lámha ag an gcoiste sin maidir le Pianbhreith na Cúirte Dúiche agus cuideoidh sé le cuir chuige a aithint maidir le pianbhreith a ghearradh sa réimse ina bhfuil an t-easnamh sonraí is mó.

Beidh ócáid phoiblí ar siúl chomh maith chun



tuarascáil a sheoladh i dtaca le sonraí maidir le pianbhreith a ghearradh a d'ullmhaigh Ollscoil Shrath Chluaidh.

Leanfaidh oiliúint bhreithiúnach ar aghaidh ag leathnú a cúrsaí agus a tacaíochta do bhreithiúna, agus táthar ag súil go gcuirfear tairiscintí breisoideachais agus oiliúna ar fáil do bhreithiúna.

Chuidigh an Líonra Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach leis an bhfeidhm seo trí shaoráidí a sholáthar chun cúrsaí oiliúna cianda agus hibrideacha a sholáthar. Suiteálfar an trealamh sin go luath in 2023 agus beidh sé ag feidhmiú láithreach.

Bhí sé tábhachtach le ligean don Stiúrthóir leanúint ar aghaidh ag soláthar agus ag leathnú ar líon na gcúrsaí a bhí ag teastáil gur earcaíodh an Stiúrthóir Comhlach um Staidéir Bhreithiúnacha ag deireadh 2022.

Ó cuireadh an státseirbhíseach sin leis an saineolas riachtanach in oideachas agus in oiliúint aosach chun cabhrú leis an Stiúrthóir an réimse seo a thiomáint, feicfear an leas a thiocfaidh as le linn 2023.

Is foras é an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB) lena bhfuil cleamhnas déanta ag comhairlí na mbreithiúna ar fud na hEorpa.

Tá sé i gceist ag an gComhairle a bheith ina comhalta go foirmiúil in 2023 agus tá sé beartaithe cruinniú den GEOB a óstáil in Éirinn den chéad uair ó bunaíodh ár gComhairle Bhreithiúnach féin.

Gan amhras beidh ról ag Comhairle na mBreithiúna i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach maidir le moltaí a chur i bhfeidhm agus cabhrú le forais eile é sin a dhéanamh.

Beidh sé seo ina ghealltanas tábhachtach in 2023 ós rud é go bhfuil an méadú atá beartaithe ar líon na mbreithiúna riachtanach chun go mbeidh breithiúna ar fáil ó shuíonna cúirte chun freastal ar oiliúint.

Ar an leibhéal riaracháin, tá roinnt tosaíochtaí fós ann nár tugadh chun críche in 2022 atá tábhachtach agus práinneach.

Tá go leor dul chun cinn déanta, agus is iad na príomhriachtanais do 2023 baill foirne bhreise a earcú agus na beartais rialachais a chur i gcrích chun cabhrú le feidhmiú na Comhairle.

Leanfaidh an suíomh gréasáin air a bheith ina phríomh-chomhéadan ag an gComhairle le baill den phobal agus le páirtithe leasmhara, ag tairiscint na saoráide chun gearán a dhéanamh chomh maith le faisnéis agus nuashonruithe a sholáthar maidir leis an obair leanúnach.

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH

# CÚLRA AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH

Ullmhaítear an Tuarascáil Bhliantúil seo ón gCoiste um Iompar Breithiúnach de bhun Alt 87 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna 2019, trína gceanglaítear ar an gCoiste tuarascáil ar a ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt gach bliain. Cuirfidh an tAire faoi deara, de bhun Alt 87 (4), cóipeanna den Tuarascáil seo a leagan faoi bhráid gach cinn de Thithe an Oireachtais.

## Cúlra

Bunaíodh an Coiste um Iompar Breithiúnach ar an 30 Meitheamh 2020 agus tháinig sé le chéile den chéad uair i mí Iúil 2020. Is í a phríomhfheidhm caighdeáin arda iompair i measc breithiúna a chur chun cinn agus a choinneáil, ag féachaint do phrionsabail an iompair bhreithiúnaigh a éilíonn ar bhreithiúna neamhspleáchas breithiúnach, neamhchlaontacht, ionracas, cuibheas (lena n-áirítear cuma cuibheasa), inniúlacht agus dúthracht a sheasamh agus a léiriú agus a chinntiú go gcaitear go comhionann le gach duine os comhair na gcúirteanna. Éilítear air:

- dréacht-treoirlínte a bhaineann le hiompar breithiúnach agus le heitic a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird lena n-athbhreithniú, lena n-áirítear treoir maidir le cén uair ar cheart do bhreitheamh smaoineamh ar é nó í féin a scaoileadh óna bheith i gceannas ar imeacht dlí,
- lena nglacadh ag an gComhairle,
- gearáin a mheas agus iad a tharchur lena réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó tabhairt faoi imscrúduithe ar iompar breithiúna aonair de réir Chuid 5 den Acht,
- cibé beart a ghlacadh, más ann dó, de réir na Coda sin a mheasfaidh sé a bheith riachtanach chun riar an chirt a chosaint, cibé acu mar thoradh ar bhreithniú ar ghearán agus a atreorú le réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú a dhéanamh de réir Chuid 5 nó eile,
- treoirlínte a ullmhú agus a fhoilsiú lena ndéantar foráil maidir le gearáin a réiteach ar bhealach neamhfhoirmiúil a chinnfear a bheith inghlactha faoin gCuid seo.

D'fhéadfadh sé freisin,

- dréacht-leasuithe ar Threoirlínte maidir le hiompar breithiúnach agus eitic a ghlac an Chomhairle a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird chun a n-athbhreithnithe, dá thoil féin nó ar iarratas ón mBord nó ón gComhairle, agus
- cibé comhairle agus moltaí a sholáthar do bhreitheamh aonair nó do bhreithiúna go ginearálta ar iompar breithiúnach agus ar eitic mar is cuí leis.



## Ballraíocht

Tá 13 chomhalta ar an gCoiste:

- An Príomh-Bhreitheamh agus ceathrar Uachtarán Cúirte atá ina gcomhaltaí ex officio,
- Triúr breitheamh arna dtoghadh ag na breithiúna as ballraíocht na Comhairle,
- Cúigear comhalta tuata arna n-ainmniú ag an Rialtas.

Tréimhse ceithre bliana a mhaireann téarma gach comhalta tofa agus tuata. Is é an Rialtas a cheapann na comhaltaí tuata tar éis moltaí a bheith déanta ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Agus duine á cheapadh le bheith ina chomhalta tuata den Choiste um Iompar Breithiúnach, foráiltear leis an Acht go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh taithí agus eolas i measc na gcomhaltaí ar na nithe seo a leanas:

- caighdeáin a choinneáil i ngairmeacha arna rialáil ag foras reachtúil nó foras eile,
- déileáil le gearáin a dhéantar i gcoinne gairmithe den sórt sin,
- idirghabháil nó meicníochtaí malartacha eile chun díospóidí a réiteach,
- riar an chirt, agus
- bainistíocht agus soláthar seirbhísí don phobal.



Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste:

- An Breitheamh Onórach Donal O'Donnell, Cathaoirleach
- An Breitheamh Onórach George Birmingham
- An Breitheamh Onórach David Barniville
- An Breitheamh Onórach Patricia Ryan
- An Breitheamh Paul Kelly
- An Breitheamh Onórach Charles Meenan
- An Breitheamh Martin E. Nolan
- An Breitheamh Alan Mitchell
- An tOllamh Claire Archbold
- An tOllamh Maeve Conrick
- An tUasal Kieran Coughlan
- An tUasal Patrick Doyle
- An Dr Bernard McCartan

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin ar an 31 Nollaig 2022:

- An Breitheamh Onórach Charles Meenan
- An Breitheamh Alan Mitchell
- An tUasal Kieran Coughlan

Is é an tUasal Kevin O'Neill Cláraitheoir an Choiste um Iompar Breithiúnach

# TUARASCÁIL AN CHOISTE UM IOMPAR BREITHIÚNACH IN 2022

I mí Feabhra, tháinig Comhairle na mBreithiúna ar fad le chéile chun breithniú a dhéanamh ar dhréacht-Treoirlínte maidir le hIompar Breithiúnach agus Eitic a d'ullmhaigh an Coiste um Iompar Breithiúnach in 2021, arna n-athbhreithniú ag Bord na Comhairle.

Chinn comhaltaí na Comhairle ag an gcruinniú sin glacadh leis na treoirlínte sin.

Tar éis na hócáide suntasaí sin, chríochnaigh an Coiste na céimeanna deiridh dá chuid obair ullmhúcháin. Tharla sé sin chun na struchtúir riachtanacha a chur i bhfeidhm ionas go bhféadfaí tús a chur le Mír 5 den Acht, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh a éilítear in Alt 52 den Acht.

Chuir cur i gcrích na hoibre sin ar chumas an Aire Dlí agus Cirt na hailt eile de Mhír 5 den Acht a thosú le héifeacht ón 3 Deireadh Fómhair 2022. Is é éifeacht an Ordaithe um Thosach Feidhme gur chuir sé ar chumas na Comhairle gearáin a fháil maidir le mí-iompar breithiúnach agus maoirseacht a dhéanamh ar iompar breithiúnach ón dáta sin.

Iarradh roinnt leasuithe reachtacha chun cabhrú le hobair an Choiste agus an Chláraitheora. Baineann siad le breithniú a dhéanamh ar:

- ghearáin a eascraíonn as imeachtaí beo ar cheamara i bhfianaise bhreithiúnais ón Ard-Chúirt (X v. Y [2022] IEHC 584),
- lena leathnaítear cumhachtaí an Choiste chun gníomhú d'ainneoin gearán neamh-inghlactha agus
- ceapadh comhaltaí ionaid den Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin i gcás ina bhfuil contrárthacht le comhalta.

## Ról an Choiste maidir le hiompar breithiúnach

A luaithe a cuireadh tús leis na hailt ábhartha de Mhír 5 den Acht agus an obair ullmhúcháin curtha i gcrích, bhí ról maoirseachta nua ag an gcéad chéim eile don Choiste maidir le hiompar breithiúnach agus gearáin.

Breithníonn an Coiste ábhair a líomhnaíonn mí-iompar breithiúnach tar éis don Chláraitheoir a mheas go bhfuil gearán inghlactha don Choiste um Iompar Breithiúnach nó don Choiste um Athbhreithniú ar Ghearáin. Ní mór gearáin a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó dháta an iompair a ndéantar gearán ina leith, cé go bhfuil cumhacht ag an gcoiste síneadh a chur leis an tréimhse sin i gcúinsí áirithe.

Ar ghearán a fháil, féadfaidh an Coiste, breithniú a dhéanamh cé acu atá an gearán oiriúnach lena réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil. Ní thagann sé seo chun cinn ach amháin sa chás go dtoilíonn an gearánach agus an breitheamh leis an bpróiseas sin. Faoi mar a thugann an t-ainm le tuiscint, baineann sé le próiseas chun a fháil amach an féidir an cheist a réiteach gan an próiseas reachtúil foirmiúil a leanúint chun imscrúdú a dhéanamh.

Mura bhfuil sé oiriúnach gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil tionólfaidh an coiste painéal fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh. Ar an bpainéal sin tá breitheamh ón gcúirt chéanna leis an mbreitheamh a ndearnadh gearán faoi, breitheamh ó dhlínse eile agus comhalta tuata arna cheapadh ag an Rialtas chuig painéil fhiosrúcháin.

Féadfaidh an Coiste freisin, cheal gearáin faoi iompar breithimh, ach i gcás ina measann sé gur gá riar an cheartais a choimirciú, ábhar a

tharchur lena imscrúdú ag painéal fiosrúcháin.

Tá cumhachtaí éagsúla ag an bpainéal fiosrúcháin faoin Acht agus faoi na nósanna imeachta atá forbartha ag an gcoiste. Áirítear leis na cumhachtaí sin éisteacht a sheoladh i ndáil leis an ábhar. Tá roinnt roghanna ar fáil don phainéal le linn an imscrúdaithe ach ar deireadh thiar ullmhóidh an painéal tuarascáil don choiste mar thoradh air.

Áireofar sa tuarascáil sin nithe amhail comhar na bpáirtithe sa phróiseas, cé acu atá an gearán cruthaithe, agus más amhlaidh an t-iomardú a ba cheart a chur i bhfeidhm, agus cé acu atá ábhar imní maidir le sláinte an bhreithimh tagtha chun solais.

I gcás iomardú is féidir leis an bpainéal comhairle a mholadh don bhreitheamh, cúrsa sonrach gníomhaíochta nó rabhadh, chomh maith le haon ábhar breise chun riar an chirt a chosaint.

Tar éis don Choiste an tuarascáil a bhreithniú, tá cumhachtaí breise aige trína bhféadfaí an gearán a chur ar ais chuig an bpainéal nó cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an raibh bunús leis an ngearán nó nach raibh.

Féadfaidh sé a chinneadh nach gá aon bheart a dhéanamh, moladh an phainéil a ghlacadh nó an t-ábhar a tharchur chuig an Aire Dlí agus Cirt chun críche Airteagal 35.4 den Bhunreacht.

I gcás ina gceanglaítear ar an mbreitheamh cúrsa gníomhaíochta arna chinneadh ag an gCoiste a leanúint, déanfaidh an Coiste monatóireacht ar chomhlíonadh. Mura gcomhlíonfaidh an breitheamh é sin féadfar an cás a chur faoi bhráid an Aire freisin.

## Faisnéis staitistiúil riachtanach de chuid 87 (4)

This report is required to include in respect of the relevant period the following information:

(a) líon na ngearán a fuarthas,

(b) líon na ngearán a chinn an Cláraitheoir a bheith inghlactha,

(c) líon na ngearán a measadh, agus líon na ngearán a chinn an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin a bheith inghlactha,

(d) líon na ngearán a réitíodh ar bhealach neamhfhoirmiúil de réir Chaibidil 4,

(e) líon na n-imscrúduithe a tionscnaíodh de bhun atreoraithe faoi Alt 59,

(f) líon na n-imscrúduithe a rinne painéal fiosrúcháin faoin gCuid seo ar ghearáin nó a lean atreorú faoi Alt 59,

(g) líon na ngearán a mheas an Coiste um Iompar Breithiúnach nár cruthaíodh,

(h) líon na gcinntí a rinne an Coiste um Iompar Breithiúnach faoi Alt 71 (5) nó 79,

(i) líon na mbreithiúna a thoiligh le hiomarduithe a eisiúint dóibh de réir Alt 58 nó 73, agus

(j) líon na ngearán a aistarraingíodh sna cúinsí dá dtagraítear in Alt 57 nó 74.

In 2022, ó thosach feidhme na reachtaíochta ar an 3 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig, fuarthas 34 gearán. Cinneadh nár tháinig 17 den líon sin faoi raon feidhme an Achta um Chomhairle na mBreithiúna 2019.

Dá réir sin, ní raibh aon údarás ag an

gCláraitheoir na nithe sin a bhreithniú agus ní raibh siad in ann dul ar aghaidh le cinneadh i ndáil le hinghlacthacht.

Bhain an tAcht leis na 17 ngearán eile a rinneadh. As an líon sin,

- cinneadh go raibh 10 gcinn díobh neamh-inghlactha ag an gCláraitheoir,
- Tarraingíodh siar gearán amháin, agus
- bhí 6 ghearán, a fuarthas i mí na Nollag 2022, fós le breithniú ar an 31 Nollaig 2022.
- Fuarthas 2 iarratas ar athbhreithnithe ar chinneadh an Chláraitheora agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an gCoiste um Athbhreithniú ar Ghearáin. Bhí na hathbhreithnithe sin fós le breithniú an 31 Nollaig 2022.

Ag deireadh 2022, ós rud é go bhfuil an córas i bhfeidhm ar feadh níos lú ná trí mhí agus nár bhreithnigh an Cláraitheoir ach 10 gcás, tá sé róluath treochtaí a aithint nó forléargas a thabhairt maidir le gearáin a dhéantar faoi bhreithiúna.

Ag an tráth seo, áfach, tá tábhacht ar leith ag baint leis i gcomhthéacs thuarascáil 2022 seo go bhfuil Mír 5 den Acht tosaithe go hiomlán anois agus i bhfeidhm. Is é an tábhacht a bhaineann leis seo go bhfuil gach breitheamh aonair in Éirinn anois den chéad uair faoi réir córas rialála reachtúil um chaighdeáin agus iompar breithiúnach, imscrúdú agus iomardú.

Feidhmeoidh an córas seo chun clú na mbreithiúna mar fhoras a chosaint, agus ag an am céanna freastal ar fheidhm Chomhairle na mBreithiúna chun muinín an phobail sna breithiúna agus i riar an cheartais a chur chun cinn agus a chothabháil.

Seo a leanas an fhaisnéis staitistiúil a éilítear in Alt 87 (4) (a) go (j):

| | |
|---|---|
| Gearáin a fuarthas | 17 |
| Gearáin a cinneadh a bheith inghlactha ag an gCláraitheoir | 0 |
| Gearáin a bhreithnigh an Coiste um Athbhreithniú ar Ghearáin agus gearáin a cinneadh a bheith inghlactha | 0 |
| Gearáin a réitíodh trí mhodhanna neamhfhoirmiúla de réir Chaibidil 4 | 0 |
| Imscrúduithe arna dtionscnamh de bhun tarchuir faoi alt 59 | 0 |
| Imscrúduithe arna ndéanamh ag painéal fiosrúcháin faoi Mhír 5 de ghearáin nó de dhroim tarchuir faoi alt 59 | 0 |
| Gearáin a bhreithnigh an Coiste um Iompar Breithiúnach nach raibh bunús leo | 0 |
| Cinntí arna ndéanamh ag an gCoiste um Iompar Breithiúnach faoi alt 71 (5) nó 79 | 0 |
| Breithiúna a thoiligh le hiomarduithe a bheith á n-eisiúint chucu de réir alt 58 nó 73 | 0 |
| Gearáin a tarraingíodh siar sna cúinsí dá dtagraítear in alt 57 nó 74 | 1 |

# SONRAÍ TEAGMHÁLA

**Seoladh**

Comhairle na mBreithiúna
Teach Cúirte Shráid na Faiche,
Baile Átha Cliath D07 W568

**Teagmhálaithe**

**Teil:** 01 968 3988
**Ríomhphost:** info@judicialcouncil.ie
**Gréasán:** www.judicialcouncil.ie



